Ionstraim Reachtúil

I.R. Uimh 517 de 2005

An tOrdú Cuideachtaí (Táillí) (Uimh. 3) 2005

ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN TSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BÁC 2,
Nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, RANNÓG POST-TRÁDÁLA.
51 FAICHE STIABHNA, BÁC 2
(Teil:01-6476834/35/36/37; Facs: 01-6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

Prn No: A5/1419 **Praghas: €1.27**

I.R. Uimh. 517 de 2005

An tOrdú Cuideachtaí (Táillí) (Uimh. 3) 2005

Ordaím, Michael Ahern, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom ag ailt 395 (arna leasú leis an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 (Uimh. 28 de 2001)) agus 396 den Acht Cuideachtaí 1963 (Uimh. 33 de 1963), (arna oiriúnú ag an Ordú Fiontar agus Fostaíochta (Athrú Ainm na Roinne agus Teideal an Aire) 1997 (I.R. Uimh. 305 de 1997)) agus ag an Ordú Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Tarmligean Feidhmeanna Aire)(Uimh. 2) 2004 (R.I. 808 de 2004), é seo a leanas:

1. Féadtar an tOrdú Cuideachtaí (Táillí)(Uimh. 3) 2005 a ghairm den Ordú seo.

2. (1) Tagann Alt 3 den Ordú seo i bhfeidhm an dáta ar a ndéantar an tOrdú seo.

   (2) Tagann Ailt 4 agus 5 den Ordú seo i bhfeidhm an 1 Nollaig 2005.

3. Déantar an tOrdú Cuideachtaí (Táillí) (Uimh.2) 2005 (I.R. Uimh. 365 de 2005) a chúlghairm.

4. San Ordú seo, ciallaíonn "an tOchtú Sceideal" an tOchtú Sceideal (arna ionadú leis an Ordú Cuideachtaí (Táillí) 2001 (I.R. Uimh. 477 de 2001), agus arna leasú ag an Ordú Cuideachtaí (Táillí) (Uimh. 2) 2001 (I.R. Uimh. 569 de 2001), an Ordú Cuideachtaí (Táillí) 2002 (I.R. Uimh. 557 de 2002), an Ordú Cuideachtaí (Táillí) 2003 (I.R. Uimh. 187 de 2003) agus ag an Ordú Cuideachtaí (Táillí) 2005 (I.R. Uimh. 179 de 2005)) a ghabhann leis an Acht Cuideachtaí 1963 (Uimh. 33 de 1963).

5. Athraítear an tOchtú Sceideal tríd an Sceideal sin a ionadú leis an Sceideal a leagtar amach sa Sceideal a ghabhann leis an Ordú seo.

SCEIDEAL *Alt 5*

"AN TOCHTÚ SCEIDEAL
TÁILLÍ LE BHEITH ÍOCTHA LE CLÁRAITHEOIR NA GCUIDEACHTAÍ

CUID I

Tábla na dTáillí

Cuid 369

Ní a bhfuil Táille le híoc ina leith	Líon na Táille (ábhair ar pháipéar a chomhadú, a scrúdú nó	Líon na Táille (comhadú nó scrúdú leictreonach nó doiciméid a chur

	doiciméid ar pháipéar a chur ar fáil)	ar fáil i bhfoirm leictreonach)
Chun cuideachta a chlárú	€100	€50
Chun cuideachta reatha a chlárú nó chun aon chuideachta a ndéantar tagairt dó i gcuid 328 a chlárú ach amháin na cuideachtaí atá díolmhaithe ag an Acht seo ó tháillí i leith clárú a íoc faoin Acht seo	€100	€50
Chun déileáil le hiarratas a dhéantar faoi chuid 6 den Acht Cuideachtaí (Leasú) 1983 ar eisiú teastais faoin gcuid sin	€300	Ní bhaineann ("N/A")
Chun doiciméid a chlárú a dtagraítear dóibh i gcuid 352 a sheachadann cuideachta atá ionchorpraithe lasmuigh den Stát	€60	N/A
Chun doiciméid a dtagraítear dóibh i Rialachán 4(1) agus (2) agus Rialachán 7(1) agus (2) de Rialacháin na bPobal Eorpach (Nochtadh Brainse) 1993 (I.R. Uimh. 395 de 1993)	€60	N/A
Chun cuideachta a athchlárú ar aon cheann de na bealaí a ndearnadh foráil dóibh sna hAchtanna Cuideachtaí ó 1963 go dtí 2005	€60	N/A
Chun iarratas ar aiseag cuideachta faoi chuid 12C(2) den Acht Cuideachtaí (Leasú) 1982 a chlárú	€300	N/A
Chun tuairisceán bliantúil a chlárú a chríochnaíonn ar dháta roimh 1 Márta 2002 nach bhfaigheann an cláraitheoir laistigh de 77 lá tar éis an dáta ar a gcríochnaíonn an tuairisceán ("an tréimhse 77 lá")	€140 móide €3.00 do gach lá nach ndéantar an tuairisceán a chomhadú tar éis na tréimhse 77 lá, faoi réir uastáille €1,240 do gach tuairisceán	€120 móide €3.00 do gach lá nach ndéantar an tuairisceán a chomhadú tar éis na tréimhse 77 lá, faoi réir uastáille €1,220 do gach tuairisceán

Chun tuairisceán bliantúil a chlárú a chríochnaíonn ar dháta tar éis 28 Feabhra 2002 nach bhfaigheann an cláraitheoir laistigh den tréimhse a shonraítear i gcuid 127(2)(arna ionadú ag cuid 60 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachta 2001)	€40	€20
Chun tuairisceán bliantúil a chlárú a chríochnaíonn ar dháta tar éis 28 Feabhra 2002 nach bhfaigheann an cláraitheoir laistigh den tréimhse a shonraítear i gcuid 127(2)(arna ionadú ag cuid 60 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachta 2001)("an tréimhse chomhdaithe reachtúil")	€140 móide €3.00 do gach lá nach ndéantar an tuairisceán a chomhadú tar éis na tréimhse comhdaithe reachtúla, faoi réir uastáille €1,240 do gach tuairisceán	€120 móide €3.00 do gach lá nach ndéantar an tuairisceán a chomhadú tar éis na tréimhse comhdaithe reachtúla, faoi réir uastáille €1,220 do gach tuairisceán
Chun athrú ar ainm cuideachta a chlárú	€100	€50
Chun muirear a chlárú ar gá é a chlárú de bhun Chuid IV	€40	N/A
Chun sonraí a chlárú a bhaineann le sraith bintiúr ar gá iad a chlárú de bhun Chuid IV	€40	N/A
Chun aon doiciméad a chlárú a bhaineann le haon athrú ar shuíomh oifig chláraithe na cuideachta de bhun alt 113	€15	Dada
Chun aon doiciméad a chlárú a bhaineann le haon athrú ar na sonraí a chuimsítear i gclár stiúrthóirí agus rúnaithe na cuideachta de bhun alt 195	€15	Dada
Chun aon doiciméad a chlárú a bhaineann le haon athrú ar an seoladh ag a gcoinníonn an chuideachta clár na mball de bhun alt 116(7)	€15	Dada
Chun aon doiciméad a chlárú a bhaineann le haon athrú ar an seoladh ag a gcoinníonn an chuideachta clár sealbhóirí bintiúr na cuideachta de bhun alt 91(3)	€15	Dada
Chun doiciméad a chlárú a bhaineann le haon	€15	Dada

athrú ar an seoladh ag a gcoinníonn an chuideachta conarthaí seirbhíse nó meabhráin na stiúrthóirí de bhun alt 50(4) den Acht Cuideachtaí 1990		
Chun doiciméad a chlárú a bhaineann le haon athrú ar sheoladh na ndaoine a mbíonn cónaí orthu sa Stát agus a bhíonn údaraithe glacadh le seirbheáil imeachtaí thar ceann na cuideachta nó aon athrú ar sheoladh na ndaoine a mbíonn cónaí orthu sa Stát agus a bhíonn freagrach as comhlíonadh a chinntiú nó aon athrú ar sheoladh an bhrainse sa Stát, de bhun Rialachán 4(3) nó 7(3) de Rialacháin na bPobal Eorpach (Nochtadh Brainse) 1993	€15	Dada
Chun doiciméad a chlárú a bhaineann le haon athrú ar sheoladh na ndaoine údaraithe glacadh le seirbhís thar ceann na cuideachta nó ar sheoladh a príomhshuíomh gnó sa Stát, de bhun alt 353	€15	Dada
Chun aon doiciméad a chlárú atá sé de cheanglas air nó atá sé údaraithe dó a bheith cláraithe nó atá sé de cheanglas air a bheith seachadta, seolta, nó curtha ar aghaidh chuig an gcláraitheoir, ach amháin tuairisceán bliantúil nó aon doiciméad a shonraítear aon áit eile sa Sceideal seo nó i dteannta athrú ar ainm cuideachta	€15	N/A
Chun aon ghnáthrún de bhun alt 143 agus aon doiciméad a chláraítear i dteannta an ghnáthrúin sin a chlárú	€15	Dada
Chun aon rún speisialta de bhun alt 143 agus aon doiciméad a chláraítear i dteannta an rúin speisialta sin, ach amháin rún a bhaineann le hathrú ar ainm cuideachta, a chlárú	€15	Dada

Chun aon doiciméad a chlárú a bhaineann le cuideachta a bheith ag athrú go cuideachta bhaill aonair de bhun Rialachán 5(1) de Rialacháin na bPobal Eorpach (Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta Baill Aonair) 1994 (I.R. Uimh. 275 de 1994)	€15	Dada
Chun aon doiciméad a chlárú a bhaineann le cuideachta bhaill aonair a bheith ag athrú go cuideachta ilbhall de bhun Rialachán 6(1) de Rialacháin na bPobal Eorpach (Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta Ball Aonair) 1994	€15	Dada
Chun aon fógra a chlárú ó iniúchóir faoi chríoch a bheith curtha lena c(h)eapachán ag cuideachta de bhun alt 34(3)(a) den Acht Cuideachtaí (Leasú)(Uimh. 2) 1999	Dada	N/A
Chun aon doiciméad a chlárú ina bhfuil gnáthfhoirmeacha téacs ón gclásal oibiachtaí de mheabhrán de chumann nó ó ailt de chumann de bhun alt 80(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001	€100	N/A
Chun cóip leictreonach dheimhnithe d'ionchorprú le bheith úsáidte san earnáil phoiblí a chur ar fháil	N/A	Dada
Chun cóip dheimhnithe d'aon ábhar a cláraíodh in aon chlár a choinníonn an cláraitheoir um chlárú cuideachtaí a chur ar fáil (lena n-áirítear an clár a dtagraítear dó in alt 103)	€12	N/A
Chun aon fíric a thaifeadadh atá sé de cheanglas nó atá sé údaraithe a bheith taifeadta ag an gcláraitheoir faoi na hAchtanna Cuideachtaí 1963 go dtí 2005, ach amháin aon fíric a bhaineann le hathrú ar ainm cuideachta	€15	N/A

Do gach scrúdú ar aon chlár a choinnítear san oifig um chlárú cuideachtaí (lena n-áirítear an clár a dtagraítear dó in alt 103)	€3.50	€3.50
Chun cóip neamhdheimhnithe d'aon ábhar a cláraíodh i gclár a luadh cheana a chur ar fáil	€2.50	€2.50
Chun iarratas a dheánamh ar theastas de bhun alt 44 den Acht Cuideachtaí (Leasú)(Uimh. 2) 1999, a dheimhníonn go bhfuil nasc fíor agus leanúnach ag cuideachta le gníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó níos mó atá ar siúl sa Stát	€40	N/A
Chun iarratas a dheánamh ar theastas de bhun alt 45 den Acht Cuideachtaí (Leasú)(Uimh. 2) 1999, a dheimhníonn nár chóir cuideachta a mheas chun críocha líon na gcuideachtaí a bhfuil duine ina stiúrthóir orthu a dhearbhú	€40	N/A
Chun Fógra a chlárú nach bhfuil duine ina (h)oifigeach níos mó nuair nár chláraigh an chuideachta fógra de réir alt 195(6)	€40	Dada

Sa Chuid seo, ciallaíonn comhadú leictreonach sonraí a chur ar fáil don Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar na bealaí seo a leanas-

(a) úsáid a bhaint as an gcóras leictreonach comhdaithe foirmeacha a úsáideann an cláraitheoir, nó
(b) córas comhdaithe leictronaigh dhiosca na hOifige um Chlárú Cuideachtaí i dteannta comhadú comhfhreagrach ar pháipéar.

CUID II

Teorainneacha ar fheidhmiú Chuid I

Má ordaíonn an cláraitheoir do chuideachta a hainm a athrú de bhun alt 23(2), ní ghearrfar ná ní thoibheofar ná ní íocfar aon táille maidir le clárú an athraithe sin a bheadh sé de cheanglas a bheith íoctha faoi Chuid I den Sceideal seo, mar gheall ar an gCuid seo.

Arna thabhairt faoi mo láimh,

17 Lúnasa 2005

_____

Michael Ahern.
Aire Stáit ag an Roinn
Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim é seo agus ní ligeann sé air gur míniú dlíthiúil é)

Déanann an tOrdú foráil do thabhairt isteach tábla nua táillí atá le híoc le Cláraitheoir na gCuideachtaí ó 1 Nollaig 2005. Déanann an tábla forálacha ar leithligh do tháillí atá le híoc i leith idirbhearta ar pháipéar agus táillí atá le híoc i leith idirbhearta leictreonacha.

Ina theannta sin, déanann an tOrdú an tOrdú Cuideachtaí (Táillí) (Uimh. 2) 2005 (I.R. Uimh. 365 de 2005) a chúlghairm agus ní thiocfaidh an tOrdú sin i bhfeidhm.

Prn: A5/1419

Praghas: €1.27